# Máthair agus páiste

**Cuir tic leis na horduithe a thugann Clíona do Shadhbh:**

1. Cas timpeall. ☐
2. Téigh suas an staighre. ☐
3. Téigh amach go dtí an carr. ☐
4. Brostaigh ort. ☐
5. Nigh do lámha. ☐
6. Cuir ort do lámhainní. ☐
7. Faigh do leabhair scoile. ☐
8. Dún an fhuinneog. ☐
9. Oscail do chóta. ☐
10. Dún an doras. ☐
11. Ith suas do bhricfeasta. ☐

# Máthair agus páiste
# Líon na bearnaí

1. **Seo thíos an comhrá a chuala tú sa mhír éisteacha. Léigh an comhrá amach os ard**
2. **Líon na bearnaí leis na briathra cearta sa bhosca**

| | | |
|---|---|---|
| dún | cuir | brostaigh |
| cuir | téigh | cas |
| dún | ith | faigh |

**Clíona:** A Shadhbh, _______________suas do bhricfeasta go beo! Beimid déanach don scoil!

**Sadhbh:** Tá mé críochnaithe!

**Clíona:** OK, ________________ suas an staighre anois agus nigh d'aghaidh.

**Sadhbh:** Ceart go leor, a mham.

**Clíona:** ______________ do mhála scoile agus tú thuas staighre.

**Sadhbh:** Tá sé agam.

**Clíona:** _______________ ort do chóta.

**Sadhbh:** Ach níl sé fuar!

**Clíona:** ______________ ort do chóta a dúirt mé agus do lámhainní**.**

**Sadhbh:** Ceart go leor!

**Clíona:** _______________ timpeall go bhfeice mé… Dún an cóta, le do thoil.

**Sadhbh:** Ach níl…

**Clíona:** _______________ an cóta agus tar amach go dtí an carr go tapaidh.

**Sadhbh:** Tá mé ag teacht.

**Clíona:** _______________________ an doras i do dhiaidh.

**Sadhbh:** Tá sé dúnta!

**Clíona:** __________________ ort! Táimid déanach cheana féin.

**3. An bhfuil aon bhriathar nua sa chomhrá seo? Cuir línte fúthu.**

**An dtuigeann tú iad? Déan iarracht na horduithe seo a leanas a chríochnú ag baint úsáide as an dá bhriathar nua.**

- **a.** __________________________________ do mhála scoile.
- **b.** A Chiara, _________________________ le do thoil!
- **c.** __________________________________ do bhróga peile.
- **d.** __________________________________ anois a Sheáin.

**Cad a déarfá le níos mó ná duine amháin?**

# Máthair agus páiste
# Beirt pháistí

**1. Anois, tá Clíona ag labhairt lena mbeirt pháistí. Líon na bearnaí leis na briathra cearta. Bí ag obair le do pháirtnéir.**

**Clíona:** A Shadhbh agus a Sheáin, _________ suas _________ __bricfeasta go beo! Beimid déanach don scoil!
**Páistí:** Tá muid críochnaithe!
**Clíona:** OK, _________ suas an staighre anois agus _________ _________ __aghaidheanna.
**Páistí:** Ceart go leor, a mham.
**Clíona:** _________ bhur málaí scoile agus sibh thuas staighre.
**Páistí:** Tá siad againn.
**Clíona:** _________ oraibh _________ __cótaí.
**Páistí:** Ach níl sé fuar!
**Clíona:** _________ oraibh bhur __cóta a dúirt mé agus _________ lámhainní.
**Páistí:** Ceart go leor!
**Clíona:** _________ timpeall go bhfeice mé… A Sheáin, _________ an cóta, le do thoil.
**Páistí:** Ach níl…
**Clíona:** _________ an cóta agus tar amach go dtí an carr go tapaidh, a Sheáin.
**Páistí:** Tá mé ag teacht.
**Clíona:** _________ an doras i do dhiaidh, a Shadhbh.
**Páistí:** Tá sé dúnta!
**Clíona:** _________ oraibh! Táimid déanach cheana féin.

**2. Cuireann an aidiacht shealbhach *bhur* urú ar ainmfhocail. An cuimhin leat an ghreille seo a leanas a bhaineann leis an urú? Líon isteach é.**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **n** | **n** | **M** | **bh** | **n-** |
| | | | | **gutaí** |
| | | | | |

**An féidir leat smaoineamh ar aon áit eile ina n-úsáidtear urú sa Ghaeilge?**

## Script

**Clíona:** A Shadhbh, ith suas do bhricfeasta go beo! Beimid déanach don scoil!

**Sadhbh:** Tá mé críochnaithe!

**Clíona:** OK, téigh suas an staighre anois agus nigh d'aghaidh.

**Sadhbh:** Ceart go leor, a mham.

**Clíona:** Faigh do mhála scoile agus tú thuas staighre.

**Sadhbh:** Tá sé agam.

**Clíona:** Cuir ort do chóta.

**Sadhbh:** Ach níl sé fuar!

**Clíona:** Cuir ort do chóta a dúirt mé agus do lámhainní.

**Sadhbh:** Ceart go leor!

**Clíona:** Cas timpeall go bhfeice mé… Dún an cóta, le do thoil.

**Sadhbh:** Ach níl…

**Clíona:** Dún an cóta agus tar amach go dtí an carr go tapaidh.

**Sadhbh:** Tá mé ag teacht.

**Clíona:** Dún an doras i do dhiaidh.

**Sadhbh:** Tá sé dúnta!

**Clíona:** Brostaigh ort! Táimid déanach cheana féin.